Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2019
(OR. en)

14990/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0246(COD)**

**PECHE 547**
**CODEC 1755**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 a mhéid a bhaineann le teorainneacha acmhainne a thabhairt isteach do throsc Mhuir Bhailt Thoir, bailiú sonraí agus bearta rialaithe i Muir Bhailt, agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le scor buan do na cabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir<br>- Cur chuige ginearálta |

1. Ar an 31 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus é mar aidhm aige an Plean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt[1] agus an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI)[2] a leasú, go háirithe chun go bhféadfaí scor buan a úsáid chun soithí atá ag díriú ar throsc Mhuir Bhailt Thoir a dhiúscairt. Thíolaic an Coimisiún an togra i ndiaidh an chinnidh ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair chun iascach trosc Mhuir Bhailt Thoir a dhúnadh agus chun iascaigh eile atá nasctha le trosc a laghdú go suntasach.

2. Phléigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh an togra ar an 7 agus an 14 Samhain 2019.

[1] Rialachán (AE) 2016/1139
[2] Rialachán (AE) 508/2014

3. Bunaithe ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal agus ar na barúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí, chuir an Uachtaránacht síos togra comhréitigh tosaigh ar an 22 Samhain 2019, agus comhréitigh athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar an 4 agus an 5 Nollaig 2019.

4. I bhfianaise na mbarúlacha breise i scríbhinn ó na toscaireachtaí, thíolaic an uachtaránacht comhréiteach deiridh ón uachtaránacht an 5 Nollaig 2019, atá in 14802/19. Is é is aidhm don chomhréiteach sin raon feidhme an bhuntogra a shíneadh chun dhá stoc eile a áireamh, eadhon trosc Mhuir Bhailt Thiar agus scadán Mhuir Bhailt Thiar, chun go ndéanfaidh soithí atá ag díriú ar an dá stoc sin iarratas ar scor buan. Tá sé beartaithe freisin leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht an togra ón gCoimisiún a shimpliú trí dheireadh a chur leis an ualach riaracháin agus na bearta rialaithe breise.

5. Cé gur ardaíodh roinnt saincheisteanna sonracha fós ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal ar an 5 Nollaig 2019, chuir formhór na mBallstát Baltach (DE, DK, EE, LT, PL, SE) tuairimí dearfacha in iúl maidir le comhréiteach na huachtaránachta. Cé gur aithin LV go ndearnadh athruithe dearfacha ar an togra ón gCoimisiún, d'iarr sí go ndéanfaí an comhréiteach ón uachtaránacht a choigeartú chun forálacha breise a chur san áireamh d'fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt don earnáil. Thacaigh formhór na dtoscaireachtaí leis an gcomhréiteach athbhreithnithe ón uachtaránacht.

6. Chuir DK forchoimeádais pharlaiminteacha agus ghrinnscrúdaithe isteach, agus chuir AT forchoimeádas grinnscrúdaithe isteach.
7. Dúirt ionadaí an Choimisiúin nach mbeadh sé in ann tacú leis an gcomhréiteach.

8. Ar an 11 Nollaig, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach deiridh ón uachtaránacht mar a leagtar amach in 14802/19 é. Cé gur chuir formhór na dtoscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an gcomhréiteach, chuir dhá thoscaireacht (LT, LV) in iúl go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhréiteach, go háirithe chun cur leis an tsolúbthacht don scor sealadach. Dúirt LV nach bhféadfadh sí tacú go hiomlán leis an gcomhréiteach ag an gcéim seo. D'fhógair AT gur cuireadh isteach ráiteas le bheith san áireamh i miontuairiscí an chruinnithe[3]. D'athdhearbhaigh ionadaí an Choimisiúin a sheasamh.

[3] Féach 14990/19 ADD 1

9. Dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an gcomhréiteach deiridh ón Uachtaránacht agus chomhaontaigh sé é a chur faoi bhráid na Comhairle chun go nglacfar cur chuige ginearálta ag an seisiún a bheidh aici ar an 16-17 Nollaig 2019.

10. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, teacht ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 14802/19 é d'fhonn tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.